



An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2019
(OR. en)

12464/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0189(COD)**

**CODEC 1417
PI 132**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (an chéad léamh) – Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 27 Iúil 2018, chuir an Coimisiún an togra¹, atá bunaithe ar Airteagal 207 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 12 Nollaig 2018².
3. Ar an 16 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhorghabh Parlaimint na hEorpa ceartúchán a ghabhann leis an seasamh sin a glacadh ag a seisiún iomlánach ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis³.

¹ 11515/18 + COR 1.

² IO C 110, 22.3.2019, lch. 55.

³ 8490/19.

4. Tá an togra le haghaidh Rialacháin mar chuid de phacáiste aonair ina bhfuil togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha⁴, lena gceanglaítear gur gá toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil sular féidir glacadh leis.
5. Ós rud é go bhfuil na tograí i bhfoirm pacáiste, níor cheart an dréachtrialachán a ghlacadh go críochnaitheach ach tar éis don dréachtchinneadh ón gComhairle roimhe sin a bheith glactha⁵.
6. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:
- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 74/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Chróit agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;
 - a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;
 - a chinneadh go bhfoilseofar na ráitis atá in Aguisín 1, mar aon leis an ngníomh reachtach, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁴ 11510/18 + ADD 1.

⁵ 12384/19 + ADD 1 + ADD 2.